

(D'fhéadfá é seo a ghuí ar an idirchum. Níl ann anseo ach moladh a dhéanamh. Bain úsáid as más mian libh)

Beannacht na Nollag

Príomhoide/ Múinteoir: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spiorad Naoimh. Amen

Príomhoide/ Múinteoir: Gabhaimid buíochas le Dia as a Mhac, ár Slánaitheoir, a sheoladh chugainn.

Choinnigh Dia an gealltanais a rinne sé le muintir Iosrael agus le pobal an domhain. Cuireann an mainséar i gcuimhne dúinn an nóiméad iontach sin nuair a tháinig Íosa ar domhan. Iarraimid ar Dhia cabhrú linn cuimhneamh ar léirbhrí na Nollag i mbliana. Sin é ár nguí chugat trínár dTiarna Íosa Críost, Áiméan.

Páiste

Oíche Nollag (Rang a ceathair, i ngrá Dé)

Oíche Nollag, léigh mo mháthair

An scéal dom air arís

Faoin gcaoi ar rugadh an leanbh beag

Agus na Saoithe a lean an fhís.

Agus donas, trí réalta a leanúint

A tháinig siad Air ina luí,

Cuimhníimid Lá Nollag

Ar an stábla, agus an Triúr Soai

D'éist mé go grinn leis an scéal,

I mo shuí ar mo sháimhín só

Agus smaoinigh mé ar theacht Íosa

I mBeithil fadó, fadó.

D'fhéach mé uaim san Oirthear,

Ar na réaltaí gala sna flaitheis;

Bhí triúr ag taisteal an bhóthair

Iad dubh i gcoinne an tsolais.



Shíl mé gur chuala mé aingil
Ag canada don leanbh faoi shuan...
Níor chula mé fuaim anáal
Bhí an domhan ar fad go ciúin.

Ba chosúil gur tháinig an leanbh
Ar an saol soe chugainn arís...
In aice liom...ANSIN ar bhealach
Bhí sé ANN...gan gá le FÍS.



Réalt Gheal ins an Spéir (Rang a dó i ngrá Dé)

1. Táimid ag fanacht go fóill,
Táimid ag fanacht go fóill,
Ag fanacht leis an leanbh Íosa teacht chugainn,
An leanbh álainn ó.

Curfá Trí rí ag leanúint, Caspar, Melchior 's Balthasaar, Trí rí ag leanúint,
Réalt gheal ins an spéir.

2. Táimid ag faire go fóill,
Táimid ag faire go fóill,
Ag faire ar réalt gheal go hard sa spéir,
Tá an leanbh Íosa ag teacht.

3. Táimid ag fiosrú go fóill,
Táimid ag fiosrú go fóill,
Ag fiosrú 'gus ag déanamh iontas faoi
An réalt gheall ins an spéir.

Paidreacha

1. A Dhia, beannaigh iad siúd a bhfuil brón orthu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.

P: Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

2. A Dhia, beannaigh iad siúd nach bhfuil cairde acu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.

P: Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

3. A Dhia, beannaigh iad siúd nach bhfuil go leor bia acu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.

P: Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

4. A Dhia, beannaigh iad siúd a bhfuil eagla orthu. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.

P: Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

5. A Dhia, beannaigh iad siúd atá tinn. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.

P: Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

6. Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad, a ghuímid.

P: Beannaigh iad a Dhia agus coimeád slán iad gach lá.

Oíche Chiúin (Rang a ceathair i ngrá Dé)

1. Oíche Chiúin, oíche Mhic Dé, Cách 'na suan, dís araon. Dís is dílse 'faire le spéis, Naíon beag gnaoi-gheal ceann-ann-tais caomh; Críost 'na chodladh go séimh. Críost ina chodladh go séimh.

2. Oíche chiúin, oíche Mhic Dé, Aoirí ar dtús chuala 'n scéal; Allelúia aingeal ag glaoch. Cantain suairc i ngar is i gcéin.

Críost ár Slánaitheoir Féin. Críost ár Slánaitheoir Féin.

3. Stille Nacht! Heil'ge Nacht! Alles schläft; einsam wacht Nur das traute hoch heilige Paar. Holder Knab' im lockigen Haar, Schlafe in himmlischer Ruh! Schlafe in himmlischer Ruh!

<https://vimeo.com/230928142>

Priomhoide/ Múinteoir: A Dhia uile-chumhachtach a mhaireann de shíor, tugaimid buíochas leat as na hócáidí maithe a chaitheamar lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde. Go gcuimhneoimid go bhfuil tú i gcónaí linn. Beannaigh na daoine go léir a thugann aire dúinn agus a chuireann gliondar orainn. Iarraimid é seo trí Chríost ár dTiarna, Áiméan.